C/2025/2294

15.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11950 — SALLING GROUP / RIMI BALTIC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2294)

1. An 4 Aibreán 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Salling Group A/S ('Salling Group', an Danmhairg), faoi rialú Købmand Herman Sallings Fond agus Købmand Ferdinand Sallings Mindefond (an Danmhairg), agus

— Rimi Baltic AB ('Rimi Baltic', an tSualainn), faoi rialú ICA Gruppen AB (an tSualainn).

Gheobhaidh Salling Group rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Rimi Baltic ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa miondíola de chuid na Danmhairge é Salling Group a oibríonn ollmhargaí, siopaí ilrannacha, siopaí lascaine agus hipearmhargaí sa Danmhairg faoi na coincheapa slabhra Netto, føtex agus Bilka. Oibríonn Salling Group siopaí grósaera sa Ghearmáin agus sa Pholainn.

— Is miondíoltóir earraí tomhaltais laethúla é Rimi Baltic a oibríonn ceithre shlabhra miondíola san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin: Rimi Hyper, Rimi Super, Rimi Mini agus Rimi Express. Mar chuid dá ghníomhaíochtaí miondíola, tá punann réadmhaoine ag Rimi Baltic ina bhfuil réadmhaoin san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11950 — SALLING GROUP / RIMI BALTIC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË